**Leabharlanna Fhine Gall – Beartas Iasachta maidir le Táibléid**

**Infhaighteacht**

Tá táibléid le fáil ar iasacht faoi láthair i leabharlanna Bhaile Dúill, Domhnach Bat, Baile Gháire, Binn Éadair agus An Ros do bhaill chláraithe suas go dáta de chuid Leabharlanna Fhine Gall.

**Incháilitheacht**

1. Caithfidh an t-iasachtaí cárta leabharlainne do Leabharlanna Fhine Gall reatha a bheith acu nár cuireadh cosc air.

2. Tá Tuismitheoirí agus Caomhnóirí go hiomlán freagrach as an úsáid a bhaineann a leanaí as an idirlíon. Coimeád i gcuimhne le do thoil, go bhféadfadh leanaí a úsáideann an t-idirlíon gan mhaoirseacht teacht ar íomhánna mí-oiriúnacha nó imníocha. Moltar go láidir go ndéanann tuismitheoirí maoirseacht ar a leanaí agus iad ag féachaint ar an idirlíon. Ní féidir le foireann na leabharlainne na híomhánna nó láithreáin ghréasáin a fhaigheann siad rochtain orthu a rialú.

3. Caithfidh an t-iasachtaí an **Beartas Iasachta maidir le Táibléid** a léamh san iomlán agus aontú leis.

4. Ní féidir ach gléas amháin in aghaidh an duine a thógáil amach ag an am. Ní bheidh úsáideoir ábalta gléas a thógail amach do dhuine eile i gcúinsí ar bith.

**Tréimhse Iasachta**

1. Tugtar táibléid agus ríomhairí glúine ar iasacht ar bhonn gach duine ar a sheal féin.

2. Dhá uair a chloig atá i gceist leis an tréimhse iasachta, le haghaidh úsáid laistigh den leabharlann amháin. Caithfear an gléas a thabhairt ar ais 15 nóiméad sula ndúnann an leabharlann.

**Rialacha Maidir Le hÚsáid**

1. Tá an t-iasachtaí freagrach as an ngléas ón am a nglactar leis go dtí go dtugtar an gléas ar ais i gceart ag an aonad nasctha ceart.

2. Iarrtar ar úsáideoirí idirlín a bheith measúil maidir le rochtain a fháil ar eolas i dtimpeallacht phoiblí. Ní ceart dóibh rochtain a fháil ar nó iarracht a dhéanamh rochtain a fháil ar aon ábhar a mheastar a bheadh maslach le féachaint air i spás poiblí. D'fhéadfaí gníomh breise a thógáil má dhéanann úsáideoirí iarrachtaí rochtain a fháil ar láithreáin ghréasáin thoirmeascacha nó ábhar grafach gáirsiúil. Má dhéanann úsáideoirí iarrachtaí leanúnacha rochtain a fháil ar ábhar mar seo, bainfear pribhléidí ríomhaireachta ó na húsáideoirí.

3. Ní féidir le húsáideoirí an t-idirlíon a úsáid sa Leabharlann le haghaidh aon ghníomhaíocht mídhleathach, lena n-áirítear dlíthe cóipchirt, aontais cheadúnais nó aon chearta triú páirtí. Tá cosc ar úsáid chun críocha tráchtála chomh maith. Coimeádann Comhairle Contae Fhine Gall an ceart aon ghníomhaíochtaí mídhleathacha a thuairisciú chuig na húdaráis oiriúnacha.

4. Ní féidir gléasanna a thógáil amach as foirgneamh na leabharlainne. Ní oibríonn gléasanna ach laistigh d’fhoirgneamh na leabharlainne amháin.

5. Scaipfear táibléid i gcás cosanta scáileáin sileacóin – ní ceart d’iasachtaithe an cás seo a bhaint.

6. Ní ceart gléasanna a fhágáil gan faire.

7. Ní ceart gléasanna a úsáid sna seomraí folctha – tabharfaidh an fhoireann ag an deasc eisithe aire don ghléas fad is atá iasachtaithe sa seomra folctha.

8. Tá priontáil ar fáil ó na gléasanna – fiafraigh do bhall foirne le do thoil maidir le roghnanna priontála.

9. Caithfear an gléas a thabhairt ar ais sa bhail chéanna is a bhí sé nuair a bhfuarthas ar iasacht é. Ní féidir le húsáideoirí aipeanna nó cláracha a chur air nó a bhaint de, aon chláracha a íoslódáil nó cumraíocht an ghléis a athrú i slí ar bith.

10. Is gá d’iasachtaithe aon fhadhbanna a bhíonn acu leis an ngléas a thuairisciú le linn a dtréimhse iasachta. Déanfaidh an fhoireann measúnúchán ar choinníoll oibre an ghléis.

11. Tá iasachtaithe freagrach as aon damáiste a tharlaíonn don ghléas nuair atá sé i seilbh acu. D’fhéadfadh costas deisiúcháin do ghléas damáistithe a bheith suas go 50% den bhunphraghas.

12. Is é an costas athsholáthair le haghaidh gléas caillte nó goidte ná

    - Táibléad €550 + CBL

13. Má athraíonn an t-iasachtaí córas oibriúcháin an ghléis m.sh., má dhéanann siad haiceáil ar an táibléad, cuireann sé an baránta ar neamhní agus beidh air/uirthi costas athsholáthair an ghléis a íoc.

14. Caithfidh an t-iasachtaí a cluasáin féin a úsáid ar an ngléas.

15. Scriosfar sonraí tar éis gach úsáid a bhaintear as an ngléas. Ba cheart d’úsáideoirí a n-obair a shábháil ar asraon oiriúnach ar líne nó asraon gaolmhar. Níl stóráil sheachtrach ceadaithe ar na gléasanna.

16. Ní féidir gléasanna a chur in aon tralaithe nó boscaí do leabhair atá ag filleadh go dtí an leabharlann ag am ar bith nó ar chúis ar bith.

17. Bailíonn an tseirbhís leabharlainne sonraí ar líon na n-úsáideoirí agus déanann sé taifeadadh ar cé a bhfuair an gléas ar iasacht chun críoch staitistiúil agus chun críoch úsáide.

18. D’fhéadfadh Seirbhís na Leabharlainne breithniú a dhéanamh ar éilimh ó iasachtaithe maidir le cláracha deimhnithe tionscail a shuiteáil ar na gléasanna.

19. Coimeádann Leabharlanna Fhine Gall an ceart seirbhís a dhiúltiú d’éinne a bhaineann mí-úsáid as an trealamh nó atá déanach ar bhonn leanúnach maidir leis an ngléas a thabhairt ar ais.

20. Caithfidh úsáideoirí cloí le ***Beartas i leith úsáid Ríomhairí Pearsanta Inrochtana don Phobal, Wi-fi agus Idirlíon.***

Beartas dátaithe Bealtaine 2019

25 BLIANA YEARS | Comhairle Contae Fhine Gall Fingal County Council